

COMÓRTAS NA gCÓR

RIALACHA & COINNIOLLACHA 2017

1. Féach freisin 'Rialacha Ginearálta na gComórtas' agus 'Rialacha Ginearálta na Féile'.
2. Is gá do chóir an Fhoirm Iontrála Oifigiúil, FPC4, a líonadh isteach agus a sheoladh chuig Oifig/Eagraí Náisiúnta na Féile.
3. Táille iontrála do gach comórtas - €20.
4. Ní foláir na hiarratais a bheith le heagraí náisiúnta na tíre roimh lú Márta 2017.
5. Is gá bunchóip de gach amhrán a chur leis an bhfoirm iontrála. Ní ghlacfar le fótachóipeanna de na bileoga ceoil.
6. Beidh ar na cóir bunchóipeanna den cheol (ceann do gach moltóir) a chur ar fáil roimh na comórtais. Tabharfar na bunchóipeanna ar ais do na cóir tar éis na gcomórtas.
7. Cuirfear aiseolas i scríbhinn ó na moltóirí ar fáil do na cóir.
8. Ní ceadaítear tionlacan le hamhráin páirte ach amháin Comórtais E, F & H.
9. I gComórtas Pan Cheilteach ní fhéachtar ar amhránaíocht Penillion mar amhránaíocht le tionlacan.
10. Is ionann iontrálaí nua agus cóir nár ghlac páirt le dhá bhliain.
11. Is gá go mbeadh deichniúr (10) ar a laghad i ngach cóir.
12. I gcomórtais chóir ina gceadaítear tionlacan is uasmhéid de thrí (3) uirlis ceoil atá inghlactha. Áirítear cnagadh de chineál ar bith mar uirlis cheoil sna comórtais seo.

COMÓRTAS A: Cóir Mheasctha (S.A.T.B)

Dhá amhrán de rogha an chóir in a dteanga Cheilteach.
An Chéad Duais: Buantrófaí & €250
An Dara Duais: Plaic & €200

COMÓRTAS B: Cóir Mheasctha Tuaithe (S.A.T.B) Daonra faoi 15,000

Dhá amhrán de rogha an chóir in a dteanga Cheilteach.
An Chéad Duais: Buantrófaí (Glór na nGael) & €250
An Dara Duais: €200

Nóta: Níl cóir ó bhailte nó ceantracha tuaithe teoranta do Chomórtas B.

Tá fáilte rompu páirt a ghlacadh i gComórtas A, más mian leo. (ach iontráil i gComórtas amháin - A nó B)

COMÓRTAS C: Cóir Ban (3 nó 4 pháirt)

Dhá amhrán de rogha an chóir ina dteanga Cheilteach.
An Chéad Duais: Buantrófaí & €200
An Dara Duais: €150

COMÓRTAS D: Cóir Fear (3 nó 4 pháirt)

Dhá amhrán de rogha an chóir ina dteanga Cheilteach.
An Chéad Duais: Buantrófaí (ITGWU Cup) & €200
An Dara Duais: €150

COMÓRTAS E: Comórtas Sinsearach (12-19mbliana)

Dhá amhrán (2, 3 nó 4 pháirt) de rogha an chóir ina dteanga Cheilteach.

Ní bheidh cosc ar thionlacan le ceann ar bith den 2 amhrán.
An Chéad Duais: Buantrófaí & €150
An Dara Duais: €100

COMÓRTAS F : Comórtas Sóisearach (faoi 13 bliana)

Dhá amhrán (aoncheol nó 2 pháirt) de rogha an chóir ina dteanga Cheilteach

Ní bheidh cosc ar thionlacan le ceann ar bith den 2 amhrán.
An Chéad Duais: Buantrófaí & €150
An Dara Duais: €100

COMÓRTAS H : Comórtas Oscailte do chóir (le tionlacan)

Dhá amhrán de rogha an chóir ina dteanga Cheilteach.
An Chéad Duais: €150
An Dara Duais: €100

COMÓRTAS I : Claisceadal: (urraithe ag Oireachtas na Gaeilge)

Cantaireacht aonghuthach gan tionlacan.

Dhá amhrán éagsúla, nua nó sean, i nGaeilge nó i dteanga Cheilteach eile le canadh de réir ghnás dúchais na hamhránaíochta. Níl aistriúcháin inghlactha.

Deichniúr ar a laghad a bheith i ngach gasra iomaíochta.

An Chéad Duais: Cearnaire na nEaltan agus €500
An Dara Duais: €300

- **Bronnfar an Trófaí Pan-Cheilteach agus €200 ar an gcór is fearr i dtuairim na moltóirí.**
- **Bronnfar Trófaí agus €200 ar an amhrán is fearr ag cór nár bhuaigh aon duais.**